Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15059/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0230(NLE)**

**SAN 617**
**SOC 813**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil lena n-ionadaítear Moladh (AE) 2009/C 296/02 ón gComhairle (an bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 168(6) CFAE)<br>- *Glacadh* |

1. An 18 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil lena n- ionadaítear Moladh (AE) 2009/C 296/02 ón gComhairle[1], bunaithe ar Airteagal 168(6) CFAE, agus é mar chuspóir leis cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine san Aontas ar thoit thánaisteach agus ar aerasóil.

2. Leis an togra, nuashonraítear na forálacha atá ann faoi láthair agus leathnaítear raon feidhme an Mholta chun aghaidh a thabhairt ar tháirgí nua lena n- astaítear toit nó aerasóil agus ar a n-úsáid i spásanna sonracha laistigh agus lasmuigh i bhfianaise fianaise nua agus forbairtí nua táirgí. Is cuid de Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa é an Moladh seo ón gComhairle.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 25 Meán Fómhair agus an 10 Deireadh Fómhair 2024 agus ina dhiaidh sin bhí comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn ann a tugadh chun críche an 24 Deireadh Fómhair.

4. An 6 Samhain 2024, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe (Cuid I) an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal um an tSláinte Phoiblí agus chomhaontaigh sé an téacs comhfhreagrach[2] a chur faoi bhráid Chomhairle EPSCO an 3 Nollaig 2024 lena ghlacadh.

[1] 13519/24 + ADD 1-3
[2] 14603/24

5. Iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil lena n- ionadaítear Moladh (AE) 2009/C 296/02 ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 3 Nollaig 2024, agus

(b) an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur i miontuairiscí na Comhairle.

6. Ach an Moladh a bheith glactha, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil lena n-ionadaítear
Moladh (AE) 2009/C 296/02 ón gComhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac is foinse fhorleathan de mhortlaíocht, galracht agus míchumas é san Aontas. Baineann an nochtadh le caitheamh tobac, rud atá fós ina phríomhchúis le hailsí inchoiscthe, agus 27 % de na hailsí uile a chuirtear i leith úsáid tobac.

(2) Tá úsáid tobac forleathan fós ar fud an domhain agus ar fud an Aontais. In 2023, measadh gur chaiteoirí tobac iad 24 % de dhaonra an Aontais Eorpaigh[1].

(3) In 2012 ba é USD 1.4 trilliún an costas eacnamaíoch bliantúil domhanda measta ar chaitheamh tobac, figiúr atá coibhéiseach le 1.8 % den olltáirgeacht intíre (OTI) domhanda. San Aontas, in 2009 cheana féin, ba é EUR 544 bhilliún costas an chaithimh tobac, ar fiú thart ar 4.6 % de OTI iomlán Bhallstáit an Aontais é[2].

[1] Eorabharaiméadar Speisialta 539. 2023. *Attitudes of Europeans towards tobacco and related products* [Dearcthaí na nEorpach maidir le táirgí tobac agus táirgí gaolmhara]. ISBN: 978-92-68-07599-9.

[2] Cur chun cinn na Sláinte (who.int), Tobac agus Caitheamh Tobac | Eolas le haghaidh beartas (europa.eu).

(4) Is iomchuí rannchuidiú le rátaí caithimh tobac san Aontas a laghdú, i gcomhréir le cuspóir Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa[3] chun glúin saor ó thobac a bhaint amach ina n- úsáidfidh níos lú ná 5 % de dhaonra an Aontais táirgí tobac faoi 2040.

(5) Maidir le Creat- Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC), forbraíodh é chun freagairt idirnáisiúnta éifeachtach agus chuimsitheach a chothú ar leathadh na heipidéime tobac domhanda. Le hAirteagal 8 de FCTC ceanglaítear ar a pháirtithe cosaint éifeachtach a thabhairt ar thoit thánaisteach ó thobac in áiteanna oibre, san iompar poiblí agus in áiteanna laistigh; is é is aidhm do na treoirlínte atá i gceangal leis seo cúnamh a thabhairt do pháirtithe lena gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Airteagal sin.

(6) Sa Straitéis Eorpach maidir le Rialú Tobac arna glacadh ag Coiste Réigiúnach EDS don Eoraip i mí Mheán Fómhair 2002, moladh go ndéanfadh Ballstáit EDS ceart na saoránach chun timpeallacht saor ó thoit a áirithiú trí, *inter alia*, áiteanna poiblí, áiteanna oibre agus iompar poiblí a dhéanamh saor ó thobac, toirmeasc a chur ar chaitheamh tobac i ngach instituúid oideachais le haghaidh mionaoiseach, i ngach áit a soláthraítear cúram sláinte agus ag imeachtaí poiblí, agus toit chomhsaoil ó thobac a aicmiú mar charcanaigin[4].

(7) D'fhéadfadh tionchair dhíobhálacha ar an tsláinte a bheith ag astaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí atá ag teacht chun cinn. Cuireann an EDS i dtábhacht gurb amhlaidh leis na hastaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí atá ag teacht chun cinn gur féidir daoine a nochtadh do leibhéil d'ábhar cáithníneach agus de phríomhshubstaintí tocsaineacha a d'fhéadfadh a bheith díobhálach.

---

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, COM/2021/44 final.

[4] An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. 2002. An Straitéis Eorpach maidir le Rialú Tobac. https://iris.who.int/handle/10665/107455

(8) Chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte[5,6,7] i dtábhacht, i measc saincheisteanna eile a bhaineann le táirgí atá ag teacht chun cinn, na héifeachtaí diúltacha ar an tsláinte a bhaineann le nochtadh d'aerasóil thánaisteacha. Mar shampla, bhí fianaise ann le déanaí maidir le nochtadh d'astaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí tobac téite go raibh baint aige le mínormaltachtaí riospráide agus cardashoithíocha nach beag i ndaoine a bhíodh ar an láthair[8,9,10,11,12,13]. Ina theannta sin, le haerasóil thánaisteacha ó thoitíní leictreonacha, lena n-áirítear toitíní leictreonacha a bhfuil nicitín iontu agus toitíní leictreonacha atá saor ó nicitín, nochtar daoine atá ar an láthair do leibhéil inchainníochtaithe d'ábhar cáithníneach, de phríomhshubstaintí tocsaineacha agus de phríomhéilleáin[14,15,16,17,18,19,20].

---

5 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Report on the global tobacco epidemic 2023: protect people from tobacco smoke. 2023. ISBN: 978-92-4-007716-4, lgh. 31–32.

6 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Technical note on the call to action on electronic cigarettes. 2023. lgh. 3-4. https://www.who.int/publications/m/item/technical-note-on-call-to-action-on-electronic-cigarettes

7 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Electronic cigarettes call to action. 2023. https://www.who.int/publications/m/item/electronic-cigarettes---call-to-action

8 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Heated tobacco products: summary of research and evidence of health impacts. 2023. lgh. 12–13. https://www.who.int/publications/i/item/9789240042490

9 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: WHO study group on tobacco product regulation: Report on the scientific basis of tobacco product regulation: eighth report of a WHO study group. 2021. https://www.who.int/publications/i/item/9789240022720

10 Yoshioka T, Shinozaki T, Hori A, Okawa S, Nakashima K, Tabuchi T. Association between exposure to secondhand aerosol from heated tobacco products and respiratory symptoms among current non-smokers in Japan: a cross-sectional study. BMJ Open. 2023;13:e065322. doi: 10.1136/ bmjopen-2022-065322

11 Imura Y, Tabuchi T. Exposure to secondhand heated-tobacco-product aerosol may cause similar incidence of asthma attack and chest pain to secondhand cigarette exposure: the JASTIS 2019 study. Int J Environ Res Public Health. 2021;18(4):1766. doi: 10.3390/ijerph18041766

12 Uguna CN, Snape CE. Should IQOS emissions be considered as smoke and harmful to health? A review of the chemical evidence. ACS Omega. 2022;7(26):22111–24. doi: 10.1021/ acsomega.2c01527.

13 Auer R, Concha-Lozano N, JacotSadowski I, Cornuz J, Berthet A. Heat-not-burn tobacco cigarettes: smoke by any other name. JAMA Intern Med. 2017;177(7):1050–2. doi: 10.1001/ jamainternmed.2017.1419.

14 Fernández E, Ballbè M, Sureda X, Fu M, Saltó E, Martínez-Sánchez JM. Particulate matter from electronic cigarettes and conventional cigarettes: a systematic review and observational study. Curr Environ Health Rep. 2015;2(4):423–9. doi: 10.1007/s40572- 015-0072-x.

15 Li L, Lin Y, Xia T, Zhu Y. Effects of electronic cigarettes on indoor air quality and health. Annu Rev Public Health. 2020;41(1):363–80. doi: 10.1146/ annurev-publhealth-040119-094043.

16 Hess I, Lachireddy K, Capon A. A systematic review of the health risks from passive exposure to electronic cigarette vapour. Public Health Research & Practice. 2016;26(2).

17 Borgini A, Veronese C, De Marco C, Boffi R, Tittarelli A, Bertoldi M et al. Particulate matter in aerosols produced by two last generation electronic cigarettes: a comparison in a real-world environment. Pulmonology. 2021.

18 Exposure to aerosols from smoking-proxy electronic inhaling systems: a systematic review. Barcelona: Aonad Rialaithe Tobac, Institut Català d'Oncologia; 2016.

19 Lerner CA, Sundar IK, Yao H, Gerloff J, Ossip DJ, McIntosh S et al. Vapors produced by electronic cigarettes and e-juices with flavorings induce toxicity, oxidative stress, and inflammatory response in lung epithelial cells and in mouse lung. PLoS One. 2015;10(2):e0116732

20 Glantz, S.A., Nguyen, N., & Oliveira da Silva, A.L. (2024). Population-Based Disease Odds for E-Cigarettes and Dual Use versus Cigarettes. NEJM Evidence, 3(3). DOI: 10.1056/EVIDoa2300229.

(9) Measann an EDS nach bhfuil aon leibhéal de nochtadh tánaisteach sábháilte ná inghlactha[4]; dá réir sin, ba cheart cur chuige cúramach a ghlacadh. Molann an EDS go gcuirfí bearta rialaithe tobac i bhfeidhm maidir le toitíní leictreonacha, lena n-áirítear bearta cosanta ar nochtadh[21], [4,5].

(10) I dtuairim 2021 uaidh maidir le toitíní leictreonacha[22], tháinig an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn (CERSCRTCC) ar an gconclúid gur lag go measartha an fhianaise atá ann go bhfuil rioscaí damáiste riospráide, chardashoithíoch agus charcanaiginigh ann de dheasca nochtadh tánaisteach d’aerasóil ó thoitíní leictreonacha.

(11) Timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil, is cur chuige iad atá aitheanta agus cruthaithe go domhanda ó thaobh sláinte daoine a chosaint go leordhóthanach ar na héifeachtaí atá ag toit thánaisteach ó thobac agus ag aerasóil thánaisteacha.

(12) Le blianta beaga anuas, comhdhlúthaíodh an sciar den mhargadh atá ag táirgí atá ag teacht chun cinn amhail toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite agus tá méadú ag teacht ar a nglacadh. Ar bhonn shonraí Eorabharaiméadair, tá leitheadúlacht úsáide toitíní leictreonacha ar fud an Aontais cothrom le 3 % agus tá leitheadúlacht úsáide táirgí tobac téite cothrom le 2 %.

(13) Saincheist is ábhar imní sonrach a bhaineann le forbairt sa mhargadh ar tháirgí atá ag teacht chun cinn, ar nós toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite, is iad glacadh agus tarraingteacht na nithe sin i measc leanaí agus daoine óga go háirithe.

---

[21] Applying tobacco control measures to e-cigarettes, including the supply and demand reduction measures of the WHO FCTC (lch. 3, https://cdn.who.int/media/docs/default-source/tobacco-hq/regulating-tobacco-products/ends-call-to-action.pdf?sfvrsn=ea4c4fdb_12&download=true, ina dtagraítear don Chreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac (lch. 8, https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/42811/9241591013.pdf?sequence=1).

[22] CERSCRTCC (an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn). *Opinion on electronic cigarettes* [Tuairim maidir le toitíní leictreonacha]. an 16 Aibreán 2021.

(14) Nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteach, d'fhéadfadh sin a bheith an-chontúirteach do leanaí agus déagóirí agus leis sin d'fhéadfaí an dóchúlacht go nglacfaidís nósanna caite tobac a mhéadú [4,5,6].

(15) In 2023, measadh gur thosaigh 54 % de na daoine a chaitheann tobac anois agus a chaith tobac roimhe seo ag caitheamh agus iad faoi bhun 19 mbliana d'aois, agus gur thosaigh 14 % acu ag caitheamh agus iad faoi bhun 15 bliana d'aois[1].

(16) Úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn a bhfuil nicitín iontu, go háirithe an úsáid a bhaineann daoine óga astu, tá baint aici le handúil agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh an úsáid sin chun bheith ina túsphointe le haghaidh úsáid táirgí tobac traidisiúnta níos déanaí[4].

(17) Tá sé tábhachtach ní hamháin na forbairtí sa mhargadh agus na forbairtí teicneolaíochta a rinneadh le déanaí agus a bhaineann le táirgí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, ach tá sé tábhachtach freisin comhordú níos fearr a dhéanamh ar na creata náisiúnta rialála saor ó thobac agus aerasóil agus féachaint chuige go seasfaidh siad an aimsir.

(18) Faoi láthair, tá an nochtadh tánaisteach do thoit agus d'aerasóil ann in áiteanna ar nós na spásanna amuigh faoin aer d'ionaid fáilteachais agus spásanna amuigh faoin aer a bheartaítear lena n- úsáid ag leanaí agus déagóirí agus is mór an méid é. Sa suirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh in 2023, dúirt 74 % de na freagróirí go raibh taithí acu ar dhaoine a bheith ag caitheamh tobac i léibhinn amuigh faoin aer le 6 mhí anuas agus dúirt 71 % de na freagróirí go raibh taithí acu ar thoitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite a bheith in úsáid ag daoine sna háiteanna sin. Dúirt 42 % de na freagróirí go bhfaca siad daoine ag caitheamh tobac in áiteanna amuigh faoin aer a bheartaítear lena n- úsáid ag leanaí agus déagóirí agus dúirt 49 % de na freagróirí go raibh taithí acu ar úsáid a bheith á baint ag daoine as toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite sna háiteanna céanna[1].

(19) Tá bearta cosanta déanta ag roinnt de na Ballstáit, lena n-áirítear caitheamh tobac a thoirmeasc in áiteanna laistigh agus in áiteanna amuigh faoin aer nó úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn a thoirmeasc in áiteanna poiblí[23,24].

(20) Dá bhrí sin is iomchuí raon feidhme an Mholta a leathnú chun spásanna sonracha amuigh faoin aer a chumhdach chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine san Aontas, go háirithe leanaí, daoine óga agus daoine leochaileacha, mar shampla saoránaigh a bhfuil galair ainsealacha orthu nó a bhfuil riochtaí eile orthu cheana féin, nó mná torracha ar nochtadh do thoit thánaisteach nó d'aerasóil thánaisteacha ó tháirgí atá ag teacht chun cinn, mar shampla táirgí tobac téite; toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bídís saor ó nicitín; ionadaithe tobac; agus aon táirge eile lena n- astaítear toit agus/nó aerasóil ar nós táirgí luibhe a chaitear nó táirgí luibhe téite.

(21) Mar thacaíocht leis an athbhreithniú ar an Moladh, seoladh glao ar fhianaise ó mhí an Mheithimh go mí Iúil 2022 agus chuathas i gcomhairle le hionadaithe ó údaráis inniúla na mBallstát, eagraíochtaí sochaí sibhialta, oibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus páirtithe leasmhara ábhartha eile trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine 2023.

(22) Tugann an Chomhairle da haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit i gcur chun feidhme éifeachtach an Mholta trí chláir agus uirlisí comhair de chuid an Aontais atá ann cheana.

23 Doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle maidir le Timpeallachtaí Saor ó Thoit agus ó Aerasóil lena n-ionadaítear Moladh 2009/C 296/02 ón gComhairle, 13519/24 ADD2

24 *Study on smoke- free environments and advertising of tobacco and related products* [Staidéar maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus fógraíocht táirgí tobac agus táirgí gaolmhara], 2021

(23) Go háirithe, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún cabhrú leis an taighde sa réimse sin a neartú. Leis na hiarrachtaí taighde sin ba cheart táirgí atá ag teacht chun cinn a chuimsiú (amhail toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bídís saor ó nicitín, agus táirgí tobac téite); ionadaithe tobac lena n- astaítear toit nó aerasóil agus aon táirge eile lena n- astaítear toit agus/nó aerasól; agus táirgí lena scaoiltear nicitín, agus táirgí atá cosúil le húsáid táirgí lena scaoiltear nicitín. Tá sé beartaithe freisin comhar idirnáisiúnta, lena n- áirítear maidir le taighde, i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear leis an Moladh seo, a neartú.

(24) Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún sraith straitéisí um chosc a fhorbairt lena dtacaítear le sláinte leanaí agus daoine óga a chosaint ar bhealach níos fearr sna blianta is leochailí agus is foirmithí dá mbeatha, lena n- áirítear béim ar chosc ar chaitheamh tobac agus ar andúil i nicitín, agus aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir an tsláinte mheabhrach agus fhisiceach agus príomhthosca sláinte.

(25) Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a dhéantar agus an Moladh seo á chur chun feidhme, ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit, laistigh de 5 bliana tar éis a ghlactha.

(26) Na Treoirlínte maidir le cosaint ar nochtadh do thoit tobac, arna nglacadh ag an Dara Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat- Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac atá i gceangal leis seo, ba cheart iad a chur san áireamh. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun na bearta atá sna Treoirlínte sin a leathnú agus dul tharstu.

(27) Leis an Moladh seo, cumhdaítear raon feidhme níos leithne ná a chumhdaítear le Moladh 2009/C 296/02 agus ionadaítear an Moladh sin, agus tá sé mar chuspóir ag an Moladh seo daoine a chosaint ar bhealach níos fearr san Aontas ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha, rud a chuideoidh go dearfach leis na cuspóirí de chuid Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a bhfuil baint acu le tobac agus a chuideoidh le leitheadúlacht an chaithimh tobac a laghdú agus a chuideoidh le dínormalú an chaithimh tobac agus dínormalú úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn.

(28) Tá gá le sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais chun caitheamh tobac a dhínormalú agus leitheadúlacht caitheamh tobac agus úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn a laghdú. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an Moladh seo a chúpláil le dianobair ar mheastóireacht agus athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le tobac, lena dtabharfaí aghaidh go háirithe ar ábhair imní maidir le rochtain daoine óga ar thobac núíosach agus ar tháirgí nicitín.

MOLANN SÍ LEIS SEO DO NA BALLSTÁIT, ag féachaint d'inniúlachtaí agus sainiúlachtaí náisiúnta a bhaineann le cur chun feidhme, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cosaint éifeachtach ar nochtadh do thoit tobac a sholáthar in áiteanna oibre laistigh, in áiteanna poiblí laistigh agus in iompar poiblí mar a shonraítear le hAirteagal 8 de FCTC agus ar bhonn na dTreoirlínte i gceangal leis seo maidir le cosaint ar nochtadh do thoit tobac arna nglacadh ag an Dara Comhdháil de chuid na bPáirtithe in FCTC.

2. Cosaint éifeachtach a sholáthar in áiteanna oibre laistigh, in áiteanna poiblí laistigh agus in iompar poiblí ar nochtadh d'astaíochtaí tánaisteacha a eascraíonn ó úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn lena n-astaítear toit agus/nó aerasóil, mar shampla táirgí tobac téite; toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bídís saor ó nicitín; ionadaithe tobac; agus aon táirgí eile a astaíonn deatach agus/nó aerasól táirgí luibhe lena gcaitheamh, cuir i gcás,
(dá ngairtear anseo feasta, mar aon le nochtadh do dheatach tobac, mar 'nochtadh do dheatach athláimhe agus d'aerasóil').

3. Cosaint éifeachtach ar nochtadh do thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar i limistéir áineasa ainmnithe amuigh faoin aer, go háirithe más féidir le leanaí, daoine óga agus daoine soghonta a bheith i láthair iontu go minic. Orthu sin ba cheart clóis súgartha poiblí, páirceanna siamsaíochta, linnte snámha, tránna, zúnna agus spásanna comhchosúla eile amuigh faoin aer a áireamh.

4. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar i limistéir amuigh faoin aer nó leathamuigh faoin aer a bhfuil baint acu le gnóluchtaí seirbhíse (e.g. limistéir atá cumhdaithe go páirteach, a bhfuil balla curtha timpeall orthu, a bhfuil fál curtha thart orthu nó ar limistéir iad atá teorannaithe ar bhealach eile in aice le bunaíocht nó gar di, lena n- áirítear díonta, balcóiní, póirsí nó paitiónna). Orthu sin ba cheart a áireamh spásanna amuigh faoin aer de bhialanna, beáir, caiféanna agus spásanna amuigh faoin aer d'áitribh chomhchosúla eile.

5. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar i limistéir amuigh faoin aer nó leathamuigh faoin aer a bhaineann le hiompar poiblí, lena n- áirítear ag stadanna bus, tram agus traenach agus ag aerfoirt.

6. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar i limistéir amuigh faoin aer a bhaineann le háit oibre.

7. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar i limistéir amuigh faoin aer d'áitribh a bhaineann le cúram sláinte. Áirítear orthu sin ospidéil, clinicí, lárionaid sláinte, tithe altranais agus áitribh chomhchosúla eile.

8. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar i limistéir amuigh faoin aer d'áitribh ina soláthraítear oideachas agus oiliúint do leanaí agus daoine óga. Áirítear ar na láithreacha sin institiúidí cúraim leanaí réamh- bhunscoile, bunscoileanna agus meánscoileanna, institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, ollscoileanna, lárionaid óige agus áitribh chomhchosúla eile.

9. Breithniú a dhéanamh maidir le limistéir eile amuigh faoin aer inar dócha go dtiocfadh an pobal le chéile, lena n-áirítear leanaí, mionaoisigh nó daoine leochaileacha, a chuimsiú i ngníomhaíochtaí chomhlántacha chun úsáid agus andúil sa tobac agus sa nicitín a chosc, agus chun timpeallachtaí cuimsitheacha saor ó thobac agus ó aerasóil a chothú. Ar na spásanna sin d'fhéadfadh a bheith i gceist tá limistéir amuigh faoin aer ina n-eagraítear imeachtaí, hallaí éisteachta agus limistéir do lucht féachana ag imeachtaí poiblí, agus spásanna a bhaineann le foirgnimh atá oscailte don phobal agus ar dócha go mbeidh go leor coisithe iontu (e.g. bealaigh isteach chuig ionaid siopadóireachta, clóis foirgneamh atá oscailte don phobal).

10. Breithniú a dhéanamh maidir le limistéir eile, cuir i gcás gluaisteáin phríobháideacha ina bhfuil leanaí, mionaoisigh nó daoine soghonta, a chuimsiú i ngníomhaíochtaí comhlántacha chun úsáid agus andúil sa tobac agus sa nicitín a chosc, agus chun cuidiú le timpeallachtaí cuimsitheacha saor ó thobac agus ó aerasól a bhaint amach.

11. Beartais maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil a fhorbairt agus/nó a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Straitéisí náisiúnta agus cláir a fhorbairt chun cosaint éifeachtach ar nochtadh do thoit thánaisteach agus d’aerasóil thánaisteacha a áirithiú.

(b) Feachtais choisc, feachtais maidir le héirí as caitheamh tobac agus feachtais múscailte feasachta a chur i bhfeidhm agus/nó a fhorbairt, feachtais oideachais, for- rochtana agus faisnéise, cuir i gcás, chun comhlíonadh beart saor ó thobac agus ó aerasóil a áirithiú. D’fhéadfadh na feachtais sin a bheith ina gcuid de thionscnaimh chun an andúil a laghdú. D’fhéadfaí na feachtais a bhunú ar thionscnaimh choisc a áirítear i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus/nó d'fhéadfaí iad a úsáid chun na tionscnaimh sin a fhorlíonadh.

(c) A áirithiú go bhfuil struchtúir agus sásraí i bhfeidhm chun comhlíonadh a chur chun cinn agus na cleachtais is fearr a chur i bhfeidhm agus/nó a fhorbairt lenar féidir feabhas a chur ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú na mbeart maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil.

12. Comhoibriú ar mhalartú dea- chleachtas maidir le beartais, cláir agus straitéisí saor ó thobac agus ó aerasól a fhorbairt, nó na beartais, cláir agus straitéisí sin atá ann cheana a neartú chun a áirithiú go bhfuil siad cuimsitheach, agus comhoibriú ar chuir chuige uaillmhianacha agus éifeachtúla a dhearadh agus a phíolótú i dtreo timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil a bhaint amach.

13. Dul i ndlúthchomhar le chéile agus leis an gCoimisiún chun creat comhleanúnach a fhorbairt de shainmhínithe, tagarmharcanna agus táscairí chun an Moladh seo a chur chun feidhme go héifeachtach, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta atá ann, agus na bearta sin a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí.

14. Tuairisciú don Choimisiún, i gcás inarb infheidhme i gcomhthéacs oibleagáidí atá ann cheana, maidir le cur chun feidhme agus dul chun cinn na mbeart a dhéantar ar dtús 3 bliana tar éis ghlacadh an Mholta seo agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

Cuirtear an Moladh seo in ionad Mholadh 2009/C 296/02.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*